

Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

TORTHAÍ FOGHLAMA

Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Struchtúr abairte agus gramadach
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint a léiriú
- Catagóiriú
- Athinsint agus mionléiriú
- Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach
- Cur síos, tuar agus machnamh



Réamhrá

Dhá bhealach iad málaí scéalaíochta agus drámaí puipéad chun scéalta a chur in iúl do leanaí ina gcéad agus ina ndara teanga. Is éard atá i málaí scéalaíochta ná bailiúcháin de rudaí amhail bréagáin bhoga, cluichí boird agus leabhair fíricí atá bunaithe ar leabhar pictiúr. Is féidir drámaí puipéad a bhunú ar scéalta agus úsáid á baint as puipéid tráchtála nó puipéid lámhdhéanta mar aon le fíorearraí nó pictiúir. Is féidir leas a bhaint as na málaí scéalaíochta agus as na drámaí puipéad chun deiseanna a chruthú do leanaí óga páirt a ghlacadh i **scéalaíocht ar bhealaí gníomhacha agus iad ag céimeanna difriúla ó thaobh fhorbairt na teanga de**. Is féidir na ‘scripteanna’ nó línte

an scéil nó an dráma puipéad a chur in oiriúint do **luathfhoghlaimoirí Dara Teanga** nó do **Chainteoirí Dúchais atá níos iniúla**. D’fhéadfaí na málaí scéalaíochta agus puipéid a thabhairt ar iasacht do thuismitheoirí le go bhféadfaidís taitneamh a bhaint as na scéalta lena leanaí. D’fhéadfaí bileog eolais a ullmhú do thuismitheoirí ina míneofaí an cur chuige agus ina dtabharfaí focail na ndrámáí agus na n-amhrán a úsáidtear leis na bréagáin agus leis na puipéid.

Is féidir málaí scéalaíochta a cheannach, leaganacha Gaeilge san áireamh. Tugann siad deis do leanaí agus do thuismitheoirí a bheith páirteach sna míreanna a dhéanamh agus a bhailiú freisin.

Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

Málaí Scéalaíochta a Úsáid

Cuireann málaí scéalaíochta deiseanna ar fáil chun an teanga a chur in oiriúint do leibhéal teanga na leanaí, .i. is féidir **frásaí simplí, bunúsacha** a úsáid leo siúd atá ag foghlaim na Gaeilge nó an Bhéarla mar dhara teanga nó **struchtúir níos casta, níos saibhre** a úsáid leo siúd a bhfuil an teanga acu ó dhúchas. Is féidir cur le castacht agus le saibhreas na teanga de réir a chéile thar roinnt insintí de réir mar a théann na páistí i dtaithí ar na focail agus ar na frásaí. Tugtar dhá shampla de mhálaí scéalaíochta ar na chéad leathanaigh eile.

Is féidir cur le castacht agus le saibhreas na teanga de réir a chéile thar roinnt insintí de réir mar a théann na páistí i dtaithí ar na focail agus ar na frásaí.



Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

An Garbhán / The Gruffalo (Oiriúnach do chainteoirí inniúla)

1. Bailíonn na múinteoirí, na leanaí agus na tuismitheoirí ábhair atá bunaithe ar leabhar le chéile, mar shampla, *An Garbhán* (Rosenstock, 2000), atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla (*The Gruffalo*, bunleagan Béarla, Donaldson, 1999). D'fhéadfaí cóip den leabhar a áireamh anseo, leabhar fíricí faoi chuid de na hainmhithe a luaitear sa scéal, bréagáin bhoga de chuid de na hainmhithe, radhairc choillearnaí (líníochtaí, grianghraif nó colláis) mar aon le cártaí meaitseála de charachtair agus de mhíreanna ón scéal.

2. Aithnítear **na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile** sa scéal, mar shampla:

Leagan Béarla: *Where are you going to, little brown mouse?*

Leagan Gaeilge: *Ar strae atá tú? Ó mo bhrón!*

Leagan Béarla: *There's no such thing as a gruffalo.*

Leagan Gaeilge: *Amadán? An Garbhán? Ní hea, ní hea.*

Insíonn an múinteoir an scéal do na leanaí agus é/í ag úsáid na mbréagán bog agus na radharc. Roghnaítear guthanna oiriúnacha do na carachtair éagsúla.

3. D'fhéadfaidh na leanaí amhrán oiriúnach a chanadh don phríomhcharachtar ag deireadh an scéil.

4. Tar éis an scéal a insint cuid mhaith uaireanta, beidh na leanaí in ann na carachtair a aithint agus na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile a rá. Féadfaidh siad greim a bhreith ar na bréagáin éagsúla agus páirt a ghlacadh sa scéal, gan focail a rá ar dtús ach cuid de na focail a rá le himeacht ama.

5. D'fhéadfaidh an múinteoir an leabhar a léamh ansin agus é/í ag úsáid na mbréagán mar fhrapaí agus ag leagan béime ar na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile.

6. D'fhéadfaidh na daltaí atá ina gcainteoirí dúchais níos líofa (Gaeilge nó Béarla) plé a dhéanamh ar chleasa agus ar straitéisí na gcarachtar. D'fhéadfaí plé a dhéanamh ina dhiaidh sin ar rudaí a chuireann eagla orthu, chomh maith leis na straitéisí atá acu le déileáil le cúinsí deacra.

7. D'fhéadfaidh grúpaí leanaí cluichí cártaí meaitseála bunaithe ar an scéal a imirt agus iad ag baint úsáide as focail agus frásaí ón scéal. D'fhéadfaidh na leanaí carachtair nó radhairc na coille ón scéal a phéinteáil nó a tharraingt.

8. D'fhéadfaí focail agus frásaí ón scéal a chomhtháthú isteach i réimsí eile don lá scoile, mar shampla ag am lóin. D'fhéadfaí naisc a dhéanamh le heolas atá ag na leanaí cheana faoi phlandaí agus faoi ainmnithe na coille i gcás na leanaí ar cainteoirí dúchais iad.

Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

Cá bhfuil Oscar? (Oiriúnach d'fhoghlaimoirí atá ina dtosaitheoirí)

Scéal Gaeilge a d'fhéadfaí a chur in oiriúint don mhála scéalaíochta is ea *Cá bhfuil Oscar?* (Ní Shíomóin, 2011). Is féidir leagan mór nó beag den leabhar a fháil.

1. Bailíonn múinteoirí agus tuismitheoirí ábhair atá bunaithe ar an leabhar. D'fhéadfadh cóip den leabhar a bheith i gceist anseo, madra bréige, pictiúir de na seomraí éagsúla a luaitear sa scéal agus roinnt guail. D'fhéadfadh cluichí maidir le seomraí tí nó seomraí tí bábóige a bheith mar chuid de agus d'fhéadfaí leabhar fíricí faoi chúrsaí sláinteachais a úsáid.
2. Aithnítear na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile sa scéal, mar shampla *Cá bhfuil Oscar? Ach ní raibh sé sa X.*
3. Insíonn an múinteoir an scéal do na leanaí agus é/í ag úsáid na mbréagán bog agus na radharc/na bpictiúr. Roghnaítear guthanna oiriúnacha do na carachtair éagsúla.
4. D'fhéadfaí an leabhar a léamh ansin agus úsáid á baint as na bréagáin mar fhrapaí agus béim á leagan ar **na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile.**
5. D'fhéadfadh na leanaí amhrán oiriúnach a chanadh don phríomhcharachtar ag deireadh an scéil.

6. Tar éis an scéal a insint cuid mhaith uaireanta, beidh na páistí in ann na carachtair a aithint agus na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile a rá. Féadfaidh siad greim a choinneáil ar an madra agus ar phictiúir éagsúla agus cuid de na focail a rá. Le himeacht ama is féidir aird a tharraingt ar dhathanna, ar ghníomhartha, ar sheomraí agus ar throsacán.
7. Is féidir le grúpaí leanaí a bheith ag súgradh le teach na mbábóg agus focail agus frásaí ón scéal a úsáid. D'fhéadfaidís radhairc thí a dhéanamh dóibh féin freisin agus pictiúir ó irisleabhair in úsáid acu.
8. D'fhéadfaí cuid de na frásaí ón scéal a úsáid i gcaint fhánach le linn an lae, mar shampla, *Cá bhfuil Y?*



Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad



Puipéid agus Frapaí a Úsáid ar mhaithe le Forbairt Teanga

Tá sé tuigthe le fada gur bealach den scoth é leas a bhaint as puipéid chun spéis leanaí a choinneáil i scéal. Aithníonn leanaí go mbíonn spraoi i gceist san idirghníomhaíocht le puipéid agus is minic a bhíonn gearan acu ar na carachtair éagsúla. Is féidir drámaí puipéad agus málaí scéalaíochta a fhorbairt i

ndiaidh a chéile chomh maith le cluichí boird, amhráin agus rainn atá ar eolas ag na leanaí. D'fhéadfaí iad sin a roinnt i gcéad nó i ndara teanga na leanaí.

Is féidir drámaí puipéad agus málaí scéalaíochta a fhorbairt i ndiaidh a chéile chomh maith le cluichí boird, amhráin agus rainn atá ar eolas ag na leanaí.

Bran Amuigh ag Siúl

Tá an sampla seo deartha do luathfhoghlaimoirí Gaeilge agus tá sé bunaithe ar an scéal *Bran Amuigh ag Siúl* (*An Gúm*, 1982) i nGaeilge nó *Spot takes a Walk* (Hill, 1982) i mBéarla. Bailítear madra bréige, rogha bia agus cnámh bhréige, chomh maith le leabhar an scéil, cluiche cártaí meaitseála, leabhar fíricí faoi mhadraí

agus dlúthdhiosca d'amhráin oiriúnacha. Cuireann an leabhar fíricí leis an eolas atá ag na leanaí faoi mhadraí agus tugann an cluiche deis bhreise dóibh teanga an scéil a úsáid. De réir mar a fhasann iniúlacht teanga na leanaí, féadfaidh siad leas a bhaint as na puipéid agus na frapaí chun aithris a dhéanamh ar a bhfuil sa scéal agus chun athruithe ar an téama a mholadh.



Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

Bran Amuigh ag Siúl: Dráma Puipéad

Cúlra an dráma: Tá ocras ar an madra, Bran, agus baineann sé triail as saghsanna difriúla bia timpeall an ghairdín go dtí go n-aimsíonn sé cnámh.

Ag teastáil: Puipéad/bréagán de mhadra (Bran), cairéad, práta, cnámh (bréige) nó rudaí eile.

Bran: *Tá ocras orm. Ba bhreá liom rud éigin le n-ithe (ag bolaíocht timpeall na háite).*

Múinteoir: *Ar mhaith leat cairéad? (á shíneadh chuige)*

Bran: (ag cogaint) *Ní maith liom é sin! Tá sé uafásach! Tá ocras an-mhór orm.*

Múinteoir: *Ar mhaith leat práta? (á shíneadh chuige)*

Bran: (ag cogaint) *Ní maith liom é sin! Tá sé uafásach! Tá ocras an-mhór orm.*

Múinteoir: *Ar mhaith leat cnámh? (á shíneadh chuige)*

Bran: *Cnámh! Ar mhaith liom cnámh? Cinnte. Yum, yum, yum. Go raibh míle, míle maith agat.*

Nóta: Is féidir an-chuid athruithe a chur air seo trí ábhair éagsúla a thabhairt do Bhran.

Rann/amhrán: ‘Bhí madra beag rua agam’ ón leabhar *Dreoilín, Dreoilín*, ‘An madra beag is an slimide’ ón leabhar *Rabhlaí, Rabhlaí* nó ‘Cór na nAinmhithe’ ón leabhar *Ící Pící*.

Mála scéalaíochta: Puipéad/bréagán de mhadra, cairéad, práta, cnámh (bréige) nó rudaí eile, an leabhar *Bran Amuigh ag Siúl* agus fíor-leabhar faoi mhadraí (*Mo Ghadhar* ó Mhuintearas na nOileán agus *Coileán* ón nGúm, mar shampla), bileog nó dlúthdhiosca d’amhráin nó de rainn ar ábhar an scéil agus bileog eolais do na tuismitheoirí.



Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

The Ravenous Beast/Stiúcaí Stiúgtha: Dráma Puipéad

Cuireann leabhair ar nós *Stiúcaí Stiúgtha* (Walker Éireann, 2012) **an-deiseanna go deo ar fáil maidir le húsáid agus le himirt teanga mar aon le foclóir saibhir, focail gan bhrí agus ábhar samhlaíoch.** Tá an leabhar ar fáil i nGaeilge (*Stiúcaí Stiúgtha*, Walker Éireann, 2012) agus i mBéarla. Is féidir an scéal a chur i láthair i dteanga shimplí nó i dteanga níos casta le freastal ar leibhéal teanga na leanaí. Is féidir cur le castacht na teanga de réir a chéile faoi mar a fhasann cumas teanga na leanaí.

Seo sampla den chaoi a bhféadfaí an leabhar a úsáid.

1. Bailíonn an múinteoir, na leanaí agus na tuismitheoirí ábhair atá bunaithe ar an scéal. D'fhéadfaidís fiorearraí agus pictiúir a bhailiú, leabhar faoi ithe ar bhealach sláintiúil, bréagáin bhoga agus cártaí meaitseála fótachóipeáilte ón leabhar.
2. Aithnítear **na frásaí a thagann chun cinn arís agus arís eile**, mar shampla:
Leagan Béarla: *I'm so hungry I could eat X,Y and Z.*
Leagan Gaeilge: *Táim chomh stiúgtha san go bhféadainn A, B agus C a ithe.*

Leagan Béarla: *Now THAT'S what I call hungry.*

Leagan Gaeilge: *Sin OCRAS duit anois.*

3. Pléann an múinteoir na focail le cur síos a dhéanamh ar ithe, mar shampla:
Leagan Béarla: *Gobble, nibble, munch, gnaw and bolt.*
Leagan Gaeilge: D'fhéadfadh múinteoirí Gaeltachta focail óna gcanúint féin a úsáid, mar shampla, *Tá mo bholg thiar i mo dhroim. Tá clais i mo bholg.*
4. Insíonn an múinteoir an scéal do na páistí, ag baint úsáid as na bréagáin bhoga agus frapaí nó pictiúir. Roghnaítear guthanna oiriúnacha do na carachtair éagsúla.
5. D'fhéadfadh na páistí amhrán oiriúnach a chanadh faoin bpríomhcharachtar ag deireadh an scéil.
6. Léann an múinteoir an leabhar ansin agus é/í ag úsáid na mbréagán mar fhrapaí agus ag leagan béime ar na focail a bhaineann le bheith ag ithe.
7. Tar éis an scéal a insint agus a léamh cuid mhaith uaireanta, beidh na leanaí in ann na carachtair a aithint agus páirt a ghlacadh sa scéal ag úsáid na bhfocal atá ar eolas acu. Féadfaidh siad greim a bhreith ar na bréagáin éagsúla agus páirt a ghlacadh sa scéal agus iad ag glacadh páirteanna na gcarachtar éagsúil de réir a chéile agus ag úsáid na teanga.

Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

The Ravenous Beast/Stiúcaí Stiúgha: Dráma Puipéad

8. D'fhéadfadh cainteoirí dúchais níos líofa cur síos a dhéanamh ar conas a bhraitheann siad nuair a bhíonn ocras orthu agus cad is maith leo a ithe. D'fhéadfaidís díospóireacht a bheith acu ina dhiaidh sin ar bhia sláintiúil agus leabhar fíricí a léamh faoin ábhar céanna.
9. D'fhéadfadh an múinteoir plé a dhéanamh ar na focail gan bhrí sa scéal agus iarraidh ar na páistí focail gan bhrí dá gcuid féin a cheapadh.
Leagan Béarla: *Balderdash! Baloney!*
Leagan Gaeilge: *Ó, Brille Bhreaille!*
Leagan Béarla: *Flip! Flap-doodle!*
Leagan Gaeilge: *Bliodar Bleadar!*
10. D'fhéadfadh grúpaí leanaí cluichí cártaí meaitseála bunaithe ar an scéal a imirt agus iad ag baint úsáide as focail agus frásaí ón scéal.
11. D'fhéadfadh na páistí carachtair nó radhairc ón scéal a phéinteáil nó a tharraingt.
12. D'fhéadfaí focail agus frásaí ón scéal a chomhtháthú isteach i réimsí eile den churaclam mar OSPS agus ag amanna eile, mar shampla, le linn an tsosa lóin.

Achoimre

Cruthaíonn málaí scéalaíochta agus drámaí puipéad **bealaí spórtúla, idirghníomhacha** chun scéalta nua mar aon le **stór focal agus frásaí nua** a mhúineadh do na leanaí. Is féidir iad a chur in oiriúint d'inniúlacht teanga na leanaí ar leibhéal an dalta aonair agus ar leibhéal an ranga agus is féidir cur leo le himeacht ama. Is féidir an t-eolas atá ag na leanaí cheana féin a chur san áireamh agus an scéal á insint agus is féidir iad a spreagadh chun ról níos gníomhaí a ghlacadh sna drámaí de réir mar a théann siad i dtaithe ar an scéal agus ar an teanga. Cruthaíonn an cur chuige gníomhach scéalaíochta seo deiseanna chun comhtháthú a dhéanamh le go leor réimsí

eile den churaclam agus, ar an gcaoi sin, cuireann sé deiseanna breise ar fáil chun teanga a fhoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla.

Is féidir málaí scéalaíochta agus drámaí puipéad a chur in oiriúint d'inniúlacht teanga na leanaí ar leibhéal an dalta aonair agus ar leibhéal an ranga agus is féidir cur leo le himeacht ama.



Málaí Scéalaíochta agus Drámaí Puipéad

Tagairtí

Donaldson, J. (1999). *The Gruffalo*. Londain: Macmillan books.

Hill, E. (1982). *Bran amuigh ag siúl*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Mhic Mhathúna, M. (2012). *Drámaíocht, Caint agus Spreoi*. Gaillimh: Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

Ó Duibhir, P. agus Cummins, J. (2012). *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12 years)*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Ní Shiomóin, S. (2011). *Cá bhfuil Oscar?* Baile Átha Cliath: Coiscéim. (Leabhar mór agus leabhar beag)

Rosenstock, G. (2000) *An Garbhán*. Leagan Gaeilge. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Rosenstock, G. (2012). *Stiúcaí Stiúgtha*. Leagan Gaeilge. Baile Átha Cliath: Walker Éireann.

Sharkey, N. (2003). *The Ravenous Beast*. Londain: Walker Books.

Shiel, G., Cregan, Á., McGough, A., agus Archer, P. (2012). *Oral Language in Early Childhood and Primary Education (3-8 years)*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Foinsí le haghaidh Ábhar

Tá málaí scéalaíochta tráchtála as Gaeilge ar fáil ag <http://www.malamor.ie/>

Tá málaí scéalaíochta tráchtála as Béarla ar fáil ag <https://www.storiesack.com>

Tá acmhainní ar líne le haghaidh *An Garbhán/The Gruffalo* ar fáil ag <http://www.twinkl.co.uk/resources/the-gruffalo-story-primary-teaching-resources-activities-and-games> agus <http://www.twinkl.co.uk/resources/story-books/the-gruffalo-story-primary-teaching-resources>